# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Nollaig 2016

## San eagrán seo:


- Deis Oiliúna d'Éicea-Cheannairí
- Comhdháil Múinteoirí Éicea-Scoileanna
- Treoirlínte don Bhrat Glas
- Topaic na Míosa: Maireachtáil Fholláin
- Nuacht Scoile - Lismore ag dul i gcion ag Imeacht Muirí
- Nuacht Idirnáisiúnta: Bíonn lucht éisteachta ríoga ag TÓT/YRE i Maracó
- Nuacht Eile
  - Gradaim Pobail ag Is breá linn an Baile Seo/ Live Here Love Here
  - Comhdháil FOFI/ESDF
  - Acmhainní an CRCÉ/RSPB
- Brait Ghlasa na Míosa Seo


## Deis Oiliúna d'Éicea-Cheannairí



Tá Éicea-Scoileanna ag tairiscint scothdheis oiliúna FGL do mhúinteoirí Bunscoile a bhfuil baint acu le soláthar Éicea-Scoileanna. Is é Institiúid William Clinton OnaB ag Halla Riddel, Béal Feirste a dhear agus a reáchtálann an clár.

Is iad cuspóirí an chláir:

- Scileanna ceannaireachta na múinteoirí atá rannpháirteach ann a fhorbairt
- múinteoirí rannpháirteacha a chumas le scileanna ceannaireacht chomhshaoil a fhorbairt ina gcuid daltaí
- Scothchleachtas a roinnt agus a fhorbairt trí phrionsabail Chlár Éicea-Scoileanna a leabú, agus béim ar leith ar Chéim 5 (Naisc Churaclaim) agus ar Chéim 6 (Cur ar an Eolas agus Glacadh ar Bord)
- Céimeanna praiticiúla a aithint a leagfaidh gach múinteoir rannpháirteach amach a chur i bhfeidhm ina scoil

6 cinn de mhodúil a bheidh i gceist - 4 mhodúl ag Halla Riddel Hall (dátaí thíos) agus 2 mhodúl ar scoil leis an Éicea-Choiste ar dhátaí atá le socrú.

Is é Éicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful a chlúdós costas iomlán an chláir agus tabharfar cúnamh ionadaíochta suas le £120 in aghaidh an mhúinteora in aghaidh an lae.

| Modúl 1 | Modúl 2 | Modúl 3 |
|---|---|---|
| Éirí i d'Éicea-Cheannaire | Scothchleachtas a Roinnt | Ceannairí a Fhorbairt |
| 7Feabhra 2017 | 22 & 23Feabhra 2017 | 30 Márta 2017 |

Ba chóir do gach scoil a ghlacann páirt 2 bhall foirne a chur, a bhfuil baint acu le clár Éicea-Scoileanna. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun cur isteach air, gabh i dteagmháil le: Ruth Van Ry. Tabharfar tús áite do scoileanna atá ábalta freastal ar an chlár ar gach dáta. Beidh líon teoranta spásanna ann: ná caill é!

## Comhdháil Múinteoirí Éicea-Scoileanna 9 Márta 2017 Cláraigh anois!!




Is cúis lúcháire dúinn cuireadh a chur ar mhúinteoirí chuig ár gComhdháil do Mhúinteoirí atá á hóstáil ag Éicea-Scoileanna, le tacaíocht ó RTCGT, ag Coláiste an tSrutháin Mhilis ar 9 Márta 2017, 10am - 3pm.

Is téama foghlaim allamuigh a bheas ag dul leis an chomhdháil agus breathnófar fosta ar a lán topaicí eile oideachas inbhuanaithe. Ar na haoichainteoirí a bheas ann beidh Judy Braus, NAAEE agus Dr William Bird, Intelligent Health. Ar na ceardlanna a bheas ann beidh: Jilly Duggan, Garraithe Inite; CRCÉ/RSPB, Dúshlán Fiáin; Dr Sue Christie, Acmhainní Madagascar; Ulster Wildlife, Smaointe Fiáine; Trócaire, Peirspictíocht Dhomhanda. Beidh taispeántais ann fosta ó Eicea-Scoileanna Ambasadóra agus rogha leathan páirtnéirí seachadta Oideachas Comhshaoil. Cuirfear lón ar fáil fosta.

Chun clárú gabh i dteagmháil le Cathy Gorman. Beidh líon teoranta spásanna ann: ná caill é!

## Treoirlínte 2016/17 don Bhrat Glas

Glacaimid le hiarratais ar Bhrat Glas **i rith na bliana** ach seo thíos roinnt dátaí más mian go ndéanfaí measúnú oraibh roimh am áirithe sa bhliain:

**Roimh Cháisc**: **6 Eanáir 2017** **Roimh 23 Meitheamh**: **10 Márta 2017**



Déanfaimid ár ndícheall scoileanna a mheas cé go mbeadh a n-iarratas istigh i ndiaidh na ndátaí atá molta ach b'fhéidir nach n-éireodh linn, go háirithe le linn théarma an tsamhraidh, a bhíonn an-ghnóthach. Mar sin de bí ar thús an tslua agus seol d'iarratas isteach go breá luath.

**Tabhair do d'aire** is é an modh iarratais ab fhearr linn in 2016/17 go n-úsáidfeadh daoine an **córas Scoilzóin ar líne**. Logáil isteach ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna agus tosaigh d'iarratas ar líne i do **Scoilzón.** Is féidir do chuid rannóg a shábháil agus an fhoirm a sheoladh ar ais ar do chaoithiúlacht. Déarfar leat san iarratas má tá gach rannóg críochnaithe. Nuair a bheidh tú sásta le gach rannóg tiocfaidh cnaipe cur isteach aníos lena sheoladh ar aghaidh díreach chugainn.

Tosaigh a shábháil do chuid sonraí sa **Sonrazón** anois, fiú amháin mura bhfuil rún agat cur isteach air i mbliana. Cuidíonn an réimse idirghníomhach seo le do chéim Monatóireachta agus Meastóireachta agus dearadh é le do chuid sonraí a chur i láthair ar dhóigh shuimiúil agus úsáideach. Ó 2017/18 beidh ar scoileanna a bhíonn ag cur isteach ar an Bhrat Glas an réimse seo a líonadh dá rogha topaicí mar sin de téigh i dtaithí air anois—tá súil againn go mbaine tú sult as.

***Bí cinnte agus tosaigh a úsáid an Scoilzóin chun do shonraí a bhailiú agus do chuid Éicea-Cháipéisí a shábháil - Athbhreithniú Timpeallachta, Plean Gnímh agus Éicea-Chód. Cuirfear iad sin ar aghaidh go huathoibríoch le d'iarratas ar Bhrat Glas.***

Glacfaimid go fóill le hiarratais ar pár ach bí cinnte gurb í an fhoirm nua a bhíonn in úsáid agat - ní ghlacfaimid feasta le seanleaganacha.

**Má tá dearmad déanta agat de do shonraí logáil isteach, téigh i dteagmháil linn.**

## Dúshlán Taistil Translink - ar aghaidh libh!




Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Leanfaidh an Dúshlán ar aghaidh feadh na bliana uile go dtí 22 Bealtaine, seal 2 sheachtain ar bith a roghnaíonn sibh. Spreag taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus déan do thorthaí a thaifead sna hacmhainní a thugtar. Seol do thorthaí chugainn le seans a fháil duaiseanna iontacha a bhaint!

Tá cuireadh i mbliana ar dhaltaí ó gach bliain cur isteach ar thionscadal #Corraitheoirí Cliste - le hiontráil ghearr scríofa le grianghraif nó rud nua i bliana gearrthóg físeáin 30 soicind agus an frása ***Is corraitheoirí cliste muid mar…'***

Eagrófar searmanas ceiliúrtha bronnta ag Stáisiún Láir, Béal Feirste, i Meitheamh. Gach scoil a sheolann isteach torthaí agus/nó tionscadal #Corraitheoirí Cliste cuirfear iad i gcrannchur chun turas scoile a fháil le Ulsterbus go BÁC. Ní comórtas é seo go díreach ach tionscadal iontach a bhfuil a lán acmhainní foghlama agus monatóireachta ag dul leis. Chun breis eolais a fháil ar na duaiseanna agus ar na hacmhainní iontacha gabh chuig www.translink.co.uk/ecoschools nó cuir ríomhphost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Faigh Briseadh ar do chuid Balcaisí



Tá scoileanna ar fud na tíre ag glacadh páirt sa chomórtas 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' i gcomhar le hÉicea-Scoileanna Keep Northern Ireland Beautiful, agus Cookstown Textile Recyclers. Is dóigh iontach é seo le bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht trí athchúrsáil agus airgead fiúntach a bhailiú do na scoileanna atá rannpháirteach ann - **40 pingin/kg.**

Na scoileanna a bhailíonn an méid is mó teicstíle in aghaidh an dalta tá seans acu an comórtas bliantúil 'Briseadh ar Bhalcaisí/Cash for Clobber' a bhaint ina bhfuil scothdhuaiseanna suas le £1,500. Is é 30 Meitheamh 2017 dáta druidte an chomórtais i mbliana.

Is é Cookstown Textile Recyclers an t-aon chomhlacht athchúrsáil éadaí le teastas de chuid BSI a mholann Éicea-Scoileanna. Athdháiltear na héadaí a bhailítear ar thíortha i mbéal forbartha ar fud an domhain, sin nó athchúrsáiltear iad ina snáithíní tionsclaíochta.

Iarrtar ar scoileanna ar mian leo a bheith páirteach scairt a chur ar Fhoireann Bhriseadh ar Bhalcaisí ar 028 9447 9380 nó dul chuig www.cashforclobber.com nó chuig www.eco-schoolsni.org.

## Topaic na Míosa: Beatha Fholláin

**Is é an t-am sin de bhliain nuair a fhanann a lán againn taobh istigh, ag ithe barraíocht agus gan bogadh go leor. Mar sin de, déanaimis uilig rún athbhliana athruithe chun sláinte a dhéanamh agus gníomhaíochtaí a dhéanamh ar scoil fosta.** Baineann ár sláinte ní hamháin lenár bhfolláine fhisiceach fhadtéarmach ach fosta le tosca mothúchánacha agus sóisialta – ár sonas, muinín agus dearcadh ar an saol go ginearálta. Tá ceangal soiléir ann fosta idir sláinte agus gnóthachtáil oideachasúil. Ní bhíonn go leor súgradh gníomhach ag páistí an lae inniu agus bíonn siad báite in íomhánna de sneaiceanna agus deochanna lán siúcra. Tá ról tábhachtach le himirt ag scoileanna maidir le hoideachas a chur ar dhaoine óga faoina sláinte, idir fhisiceach agus mheabhrach, agus an dúshraith a leagan le haghaidh roghanna dea-shláinte ar feadh an tsaoil.

**Amharctar sa Topaic Beatha Fholláin ar réimse téamaí :**

- **Réimse maith bia**
- **Gníomhaíochtaí coirp**
- **Sláinte agus sonas meabhrach**



Mura bhfuil polasaí bia sláintiúil ag do scoil cheana féin thiocfadh leat dea-thionchar a bheith agat air trí smailc, sneaiceanna agus lón sláintiúil a chur ar fáil. Le fírinne, is iomaí Éicea-Choiste a bhailíonn beagán airgid trí shiopaí sólaistí sláintiúla (bí ag smaoineamh fosta ar tháirgí Fairtrade). Molann an SSN/NHS 60 bomaite sa lá d'aclaíocht ag leibhéil éagsúla do pháistí.
Thug a lán scoileanna faoin tionscnamh Míle sa Lá. Is cuidiú é fosta dearmad a dhéanamh den charr don turas chun na scoile - amharc ar Dhúshlán Taistil Translink agus acmhainní ag Sustrans le smaointe a fháil. Is am dúshlánach ag daltaí é 'Fás Aníos' agus ba chóir do scoil áit shábháilte a sholáthar ó éilimh chorracha an tsaoil chomhaimseartha - seo daoibh roinnt smaointe ar mheabhairshláinte ó Young Minds. Thiocfadh triail a bhaint as díthocsainiú digiteach cúpla lá fosta agus do chuid daltaí 'a thabhairt ar ais chun an nádúir' trí ghníomhaíochtaí allamuigh. Seo daoibh roinnt acmhainní úsáideacha:
Acmhainní Maireachtáil Fholláin ó Eco-Inspiration (PDF 8MB)
Acmhainní Maireachtáil Fholláin ó Éicea-Scoileanna Shasana
Acmhainn Pheirspictíocht Dhomhanda ar Shláinte ó Mhórcheacht an Domhain
Acmhainní Frithbhulaíochta ó Bullying UK
Smaointe maithe le haghaidh lón sláintiúil ó Parenting UK

## Nuacht Scoile: Téann Lismore Comprehensive i gcion ar dhaoine ag Imeacht Muirí i mBÁC

Bhailigh daltaí ó 17 scoil le chéile i nDún Laoghaire Dé Máirt 6 Nollaig le haghaidh na chéad chomhdhála bliantúla ar Thimpeallacht Mhuirí Shaoránacht Dhomhanda Scoileanna Glasa. Bhí 370 scoláire agus a múinteoirí i láthair agus thaispeáin siad a gcuid oibre ar fheasacht thimpeallacht mhuirí ag an chomhdháil, inar chuala siad cainteoirí éagsúla ag trácht ar thopaicí amhail fíteaplanctón; ró-iascaireacht; micreachoirníní; agus oileáin phlaisteacha. Bhí scoláirí ann ó Lismore Comprehensive School, Creag Abhann, a bhfuil obair chuimsitheach déanta acu ar fheasacht micreachoirníní.





Rinne Daniel agus Adam spraoi agus chuir na rannpháirtithe ar an eolas ag an imeacht le taispeántas agus láithreoireacht ar na gluaiseanna comhshaoil a bhaineann le micreachoirníní a fhaightear ina lán gnáthchosmaidí. Comhghairdeas leo as jab chomh hiontach sin a dhéanamh agus teachtaireacht thábhachtach a chur in iúl. Léigh tuilleadh ...

# Nuacht na gComhairlí:

## Cruinnithe Cnuasghrúpaí Éicea-Scoileanna

**Gabhaimid buíochas mór le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste agus leis na scoileanna uilig a d'fhreastail ar an Chruinniú Cnuasghrúpa i mBéal Feirste ar 9 Nollaig a raibh 'Díriú ar Ghradaim' mar théama aige.**



## Ná déan dearmad do Chrann Nollag a athchúrsáil i mbliana

**Glacfaidh Comhairlí le bhur gcuid crann ag a n-ionaid athchúrsála - déan teagmháil le do chomhairle le sonraí a fháil. Déanfar múirín de na crainn.**

## Oiliúint ag Measúnóirí an Bhrait Ghlais ag Ionad Fionnachtana Loch nEathach

**Tá lúcháir ar Éicea-Scoileanna a bheith ag tairiscint oiliúna do Mheasúnóirí ar 17 Eanáir a bheidh á hóstáil ag Ionad Fionnachtana Loch nEathach. Beidh an oiliúint ar siúl ó 10am-2.30pm. Chun páirt a ghlacadh beifear ag iarraidh ort dhá mheasúnú a dhéanamh sa bhliain agus seiceáil a dhéanamh le Access NI. Tuilleadh sonraí ó Cathy Gorman.**

Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna'

# Nuacht Idirnáisiúnta:

**Cruthaíonn Éicea-Scoileanna Shasana acmhainn idirghníomhach iontach Éicea-Scoile** ar a suíomh idirlín. Cliceáil ar an scoil chun dul isteach agus a lán éicea-smaointe a fháil!




## Scoláirí YRE agus lucht féachana Ríoga ag COP22

Tharla Comhdháil Athrú Aeráide (COP22) na bliana seo in Marrakech, Maracó. Bhí cur i láthair rathúil ag TÓT/YRE ag an COP 22, a bhuí le tionscnamh iontach a léirigh ár mballeagraíocht FOI/TÓT Mharacach, Fondúireacht Mohammed VI um Chaomhnú Comhshaoil.

Ba bhuaicphoint é gur léirigh beirt scoláirí TÓT "Guth na hÓige", inar moladh gníomhartha chun troid i gcoinne Athrú Aeráide, os comhair A Mórgacht Ríoga Banphrionsa Lalla Hasnaa, Patricia Espinosa, Feidhmeannach Rúnaíochta CCNAAA/UNFCCC, Irina Bokova Stiúrthóir Ginearálta EOECNA/UNESCO, agus Aire Oideachais Mharacó. Léigh tuilleadh...

# Nuacht de chuid Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo daoibh an nuacht is deireanaí ó réimsí eile dár n-eagraíocht:

## Tá a gCéad Ghradaim Pobail riamh Is Breá Linn an Baile Seo/ Live Here Love Here ag Keep Northern Ireland Beautiful!



Is é seo an chéad bhliain a bheas na gradaim iontacha seo ann, agus tá sé i gceist go gceiliúrfaidh siad obair na ngrúpaí agus na ndaoine aonair a bhíonn páirteach in Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here agus a chothaíonn bród inár gcomhphobail trí ghníomhartha praiticiúla amhail glasú, glanadh agus cóiriú.

Más dóigh leat go bhfuil gradam tuillte ag grúpa nó ag duine áirithe as ucht na hoibre atá déanta acu ar thionscadal Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here ansin is mian linn cluinstin uait. Thiocfadh dó gurb é a bheadh i gceist san obair sin caighdeán a gcomhshaoil áitiúil a fheabhsú, bruscar a laghdú, bainistiú comhshaoil a fhorbairt agus/nó mórtas saoránachta a chothú i bpobal. Is féidir cur isteach air go furasta agus saor in aisce, go díreach líon amach foirm ainmniúcháin agus seol isteach í roimh ***12 meán lae ar 16 Eanáir 2017***.

**Ná dearmad tacaíocht a ghealladh don fheachtas Is Breá linn an Baile seo agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**

## Eisíonn Keep Northern Ireland Beautiful anailís ar an chaiteachas bliantúil ar ghlantóireacht sráide:

***"Chaith aon Chomhairle dhéag Thuaisceart Éireann £43,285,212 san iomlán ar ghlantóireacht ar ár gcuid bóithre, sráideanna agus spásanna oscailte in 2015-16; méadú 8% ar an méid a caitheadh anuraidh. Cé go léiríonn sé sin an rún daingean atá ann ár gcuid sráideanna agus páirceanna a ghlanadh, b'olc an mhaise dóibh gur tháinig titim chóir a bheith 20% i líon na ndaoine a rugadh san ócáid orthu ag caitheamh bruscair."***




Léigh an phreasráiteas ina iomláine...

# Nuacht Eile:

## Comhdháil FOFI/ESDF ar 10 Feabhra ag Áitreabh Seamus Heaney

Beidh an Fóram don Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe ag reáchtáil comhdhála ag Áitreabh Sheamais Uí Éanaí i mBaile Eochaidh ar 10 Feabhra. Beifear ag moladh ag an chomhdháil '"Digging" for Success - An Dóigh le do Láidreachtaí a Thomhas agus a Chur in Iúl" conas sonraí agus caighdeáin cháilíochta a úsáid chun cur le do dheiseanna ar mhaoiniú agus beidh cainteoirí ann ó OnaB, oideachas comhshaoil agus eagraíochtaí maoinithe. Beidh faill ann fosta blaiseadh den mhéid atá le hofráil ag an Áitreabh mar cheann scríbe oideachais. Tá fáilte roimh mhúinteoirí agus roimh bhaill an FOFI/ESDF freastal ar an ócáid.



Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le Iona Meyer ag NCTÉ/NIEL.

I ndiaidh na comhdhála iarrtar ar bhaill an FOFI/ESDF freastal ar CCB na heagraíochta.

## Dúnadh i ndán d'Ionaid Oideachais Allamuigh

Tá tús curtha ag an Údarás Oideachais le comhairliúchán poiblí ar mholtaí le haghaidh soláthar oideachas allamuigh agus cónaitheach i dTuaisceart Éireann amach anseo. Áirítear sa mholadh dúnadh Ionaid Allamuigh **Mhuileann na Buaise, Ard Beannáin, Cill Eoghain** agus **Delamont.**

Beidh an comhairliúchán ar siúl go dtí 6 Feabhra 2017. Glac an t-am agus cuir do thuairimí in iúl faoi na moltaí seo. Is eol dúinn gur thaitin lena lán scoileanna na hacmhainní ag na hionaid sin agus go síleann siad a mhór dóibh. Ag am nuair atá oideachas allamuigh ag éirí níos tábhachtaí ná riamh ba thrua na hionaid sin a chailleadh gan ghá.

Tá cáipéisí molta an ÚO agus an suirbhé poiblí i dtaca leis na hathruithe a mholtar le fáil anseo...

Tá a gcuid feachtais féin ar siúl ag na hionaid ar a gcuid leathanaigh Facebook chun do thacaíocht a iarraidh.



## Cláraigh anois le haghaidh Éanbhreathnú Mór Scoileanna leis an CRCÉ/RSPB!

3 Eanáir – 17 Feabhra 2017




Tá an clárú don Éanbhreathnú Mór Scoileanna oscailte anois; gníomhaíocht shimplí oideachasúil a thugann tusa agus do rang/grúpa níos gaire d'éin a bhíonn ag tabhairt cuairt ar do cheantar. Uair a' chloig a mhaireann sé agus fóireann sé do gach aois agus gach cumas.

Is féidir an tÉanbhreathnú a chur chun tairbhe don scoil: mar phríomh-mhír an staidéir traschuraclaim, gradaim Éicea-Scoileanna, nó mar chuid den obair chun an scoil a fheabhsú. B Beidh rannpháirtithe ag cur sonraí ar fáil fosta ar a fheabhas atá ag éirí leis na héin is aitheanta atá againn, chomh maith le baile a thabhairt don dúlra i do scoil.

Nuair a chláróidh tú an tÉanbhreathnú Mór Scoileanna s'agat, cuirfimid póstaer aitheantas éan saor in aisce chugat do do sheomra ranga - an t-ullmhúchán foirfe don lá mór. Chun clárú agus chun níos mó eolais a fháil gabh chuig www.rspb.org.uk/schoolswatch




## Saotharlann Nuálaíochta/Innovation Lab ar lorg dearthóirí Bhliain 13 le haghaidh comórtas araidí

Is breá le hÉicea-Scoileanna tacú le comórtas na Saotharlainne Nuálaíochta do dhaltaí i mBliain 13, a bhfuil Dearadh agus Teicneolaíocht mar ábhar acu, agus tá siad ar lorg smaointe agus dearaí nua le haghaidh ár n-araidí tí.

Táimid cleachta le cruth an ghnáthbhosca bruscair ar rothaí ach an bhfuil slí níos fearr ann? Más dóigh leat go bhfuil smaoineamh iontach agat d'araid na todhchaí agus gur mhaith leat oibriú le foireann na Saotharlainne Nuálaíochta lena fhíorú, gabh i dteagmháil le Rebecca.Walsh@finance-ni.gov.uk agus gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar pháirt a ghlacadh. Tá an comórtas ar siúl ó Eanáir – Aibreán 2017.

## Brait Ghlasa na Míosa seo

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a n-éacht iontach a thréaslú leo.

Comhghairdeas an mhí seo le Waringstown Primary School, Creag Abhann.



*Bunscoil Waringstown*




Déan Teagmháil linn:

eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD

DAERA Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs www.daera-ni.gov.uk

Faigheann clár Éicea-Scoileanna tacaíocht ó RTCGT

**Ná stad ansin! Gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna TÉ le haghaidh tuilleadh scéalta, smaointe faoi thionscnaimh, treoir faoin chlár, cás-staidéir, eolas faoi pháirtnéirí, agus a lán eile.**